



An tÚdarás Rialála  
Seirbhísí Dí  
Legal Services  
Regulatory Authority

## Treoir maidir leis an bhFoirm Iarratais chun duine a Thaifeadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

1. Is é is cuspóir don Nóta Treorach seo cabhrú le hiarratasóirí an fhoirm iarratais chun duine a thaifeadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chomhlánú.
2. Mínítear sa Nóta Treorach an cineál faisnéise a iarrtar ar an bhfoirm iarratais agus an chúis gur gá an fhaisnéis sin chun an Rolla a chruthú.
3. Chun críocha an Nóta seo, ciallaíonn 'ÚRSD' an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dí agus ciallaíonn 'an tAcht' an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dí, 2015.
4. Is éard a bheidh i Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha, nuair a bhunófar é, an **clár críochnaitheach de gach abhcóide cleachtach sa Stát**. Is clár dinimiciúil an Rolla, agus ciallaíonn sé sin go ndéanfar é a nuashonrú go leanúnach de réir mar a thaifeadtar ainm abhcóide cleachtach ar an Rolla, nó de réir mar a athróidh a staid cleachta nó, ar chúiseanna éagsúla, de réir mar a bhaintear a ainm nó a hainm den Rolla.
5. Is ar gach abhcóide cleachtach atá an fhreagracht ÚRSD a chur ar an eolas láithreach maidir le haon athrú ar a staid cleachta a mbeidh tionchar aige ar chruinneas an taifid ina leith ar an Rolla.
6. Tá dhá chuid ar leith ar an bhfoirm iarratais chun duine a thaifeadh ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.
7. Sa chéad chuid, iarrtar faisnéis ón iarratasóir a fhoilseofar ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha. Rialaítear an fhaisnéis atá le cur ar an Rolla le halt 133 den Acht, go háirithe Ailt 33(1)(b) agus 133(4).
8. Sa dara cuid, iarrtar faisnéis a theastaíonn ón ÚRSD chun an Rolla a riaradh, chun ligean dó a dhaingniú gur abhcóide cáilithe de réir mar a mhínítear é san Acht an t-iarratasóir agus chun teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir más gá sin. Tá an méid is lú faisnéise agus is féidir a theastaíonn chun an Rolla a riaradh iarrtha sa chuid seo. Ní bheidh an fhaisnéis a iarrtar sa chuid seo le feiceáil sa

chuid de Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a fhéadfaidh daoine den pobal a iniúchadh faoi alt 133(2).

9. Faoi alt 133(5) den Acht, féadfaidh ÚRSD faisnéis bhreise a fhorordú a fhéadfar a thaifeadadh ar an Rolla a bhaineann le cáilíochtaí gairmiúla agus réimsí saineolais abhcóidí cleachtacha. Tá cinneadh déanta ag ÚRSD gan faisnéis bhreise den sórt sin a fhorordú de thuras na huaire ach coinneofar an méid sin faoi athbhreithniú.
10. I ndáil leis an iarraidh ar ‘Ainm Gairmiúil Eile’ (Ceist 3), ba chóir d’iarratasóir an t-ainm a sholáthar a thugtar air nó uirthi go gairmiúil i gcoitinne, más éagsúil ó na hainmneacha a thugtar ag Ceistanna 1 agus 2. Mar shampla, más eol d’iarratasóir go bhfuil ann d’abhcóide cleachtach eile den ainm céanna, ba chóir dóibh an t-ainm gairmiúil a úsáideann siad chun idirdhealú a dhéanamh idir iad féin agus an t-abhcóide eile sin a sholáthar.
11. Tá tábhacht ar leith leis an gceist i dtaobh an comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide (Ceist 4) maidir leis an tobhach a chionroinnt ar dhlí-chleachtóirí. Ní foláir d’aon abhcóide cleachtach a scoirfidh dá chomhaltas nó dá comhaltas den Leabharlann Dlí a chur in iúl láithreach don ÚRSD nach comhalta é nó í a thuilleadh den Leabharlann Dlí agus cibé acu an mbeartaíonn nó nach mbeartaíonn sé nó sí leanúint de sheirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach.
12. Féadfar an cháilíocht chun cleachtadh mar “abhcóide cáilithe” a bhunú ar (a) glacadh le haghaidh céim Abhcóide Dlí ag Cumann Onórach Óstaí na Rí agus/nó glao chun Barra na hÉireann nó (b) clárúchán mar ‘dlíodóir cláraithe’ atá i dteideal cleachtadh sa Stát de bhua Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíodóirí a Bhunú), 2003. Iarrtar ar iarratasóirí daingniú a sholáthar maidir leis an mbliain inar cháiligh siad faoi cheachtar de na ceanteidil sin. Iarrtar an fhaisnéis sin chun gur féidir le ÚRSD a dheimhniú dó féin gur abhcóide cáilithe an t-iarratasóir faoin Acht. **Tabhair ar Aird:** Is ionann glacadh le haghaidh céim Abhcóide Dlí agus an dáta a *bhfuair* tú do chéim Abhcóide Dlí (i.e. ar an gcúrsa a thabhairt chun críche go rathúil agus de ghnáth i ndiaidh searmanas glactha).
13. Iarrtar ar iarratasóirí freisin toiliú le ÚRSD daingniú a fháil ar a gcáilíocht ó Chumann Onórach Óstaí na Rí (glacadh le haghaidh céim Abhcóide Dlí agus/nó glao chun Barra na hÉireann) nó Bharra na hÉireann (Rialacháin Bhunaithe) agus toiliú go gcuirfeadh na comhlachtaí sin aon fhaisnéis a éilíonn ÚRSD d’fhonn an t-iarratas a fhíorú. I gcás nach dtabharfar an toiliú sin, iarrtar ar iarratasóirí doiciméadacht bhunaidh a sholáthar mar thaca lena n-iarratas chun a n-ainmneacha a thaifeadadh ar an Rolla.

14. Tagraíonn doiciméadacht bhunaidh sa chomhthéacs seo do dhoiciméadacht a léiríonn an cháilíocht féin agus a fhianaíonn nach ndearnadh díbharrú ar an iarratasóir ina dhiaidh sin ná nár cuireadh ar fionraí é/í ó chleachtadh cibé ar bhonn iarraidh ar dhíbharrú deonach nó mar thoradh ar nósanna imeachta disciplíneacha. Is litir ó Chumann Onórach Óstaí na Rí nó ó Bharra na hÉireann le déanaí lena ndeimhnítear an fhaisnéis ar fad thuas an fhianaise is fearr ina leith sin.
15. Ar a dhaingniú gur abhcóide cáilithe iarratasóir faoin míniú mar a leagtar amach é san Acht, scríobhfaidh ÚRSD chuig an iarratasóir á chur in iúl dó nó di go bhfuil sé nó sí le taifeadadh ar an Rolla.
16. Tabharfar uimhir thagartha uathúil d'iarratasóir rathúil ansin, agus ba chóir an uimhir sin a úsáid i ngach comhfhreagras todhchaí le ÚRSD. Ba chóir do gach abhcóide cleachtach a bheidh curtha ar an Rolla aon athruithe maidir lena mhionsonraí nó lena mionsonraí teagmhála a chur in iúl láithreach don ÚRSD chun a éascú dó cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an Rolla.
17. Ba chóir aon fhiosruithe i ndáil leis an bpróiseas iarratais nó leis an bhfoirm iarratais a chur le ríomhphost chuig [Isra-roll@Isra.ie](mailto:Isra-roll@Isra.ie). Déanfaidh comhalta d'fhoireann ÚRSD freagra a thabhairt ar aon fhiosruithe a gheofar a luaithe is indéanta.

## **ÚRSD Deireadh Fómhair 2018**